2026/2564

20.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2564 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Samhain 2026

lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le ciainíd hidrigine lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8, 14 agus 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuimsíodh ciainíd hidrigine in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8, 14 agus 18. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, measadh an tsubstaint a bheith formheasta go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 faoin Rialachán sin faoi réir na sonraíochtaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

(2) An 29 Márta 2023 cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le ciainíd hidrigine lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8, agus an 30 Márta 2023 cuireadh isteach iarratais chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas sin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 14 agus 18 ('na hiarratais').

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1278 ón gCoimisiún ([3]) cuireadh ar atráth go dtí an 31 Márta 2027 dáta éaga an fhormheasa maidir le ciainíd hidrigine lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8, 14 agus 18 chun go mbeadh go leor ama ann chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

(4) An 26 Bealtaine 2026, chuir údarás inniúil meastóireachta Phoblacht na Seice an Coimisiún ar an eolas go bhfuil moill bhreise ar an meastóireacht, mar gheall ar an measúnú ar shonraí a bhaineann le tocsaineacht atáirgthe agus an scrúdú ar airíonna réabtha inchrínigh na substainte. Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-údarás inniúil meastóireachta ar fáil, dealraíonn sé, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, nach dócha go mbeidh an t-údarás sin in ann tuarascáil ar an measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') roimh 2029.

(5) Dá réir sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, is dócha go rachaidh an formheas maidir lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirgí 8, 14 agus 18 in éag sula ndéanfar cinneadh maidir lena athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth an athuair go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais.

(6) Agus na teorainneacha ama á gcur san áireamh maidir leis an meastóireacht ag an údarás inniúil meastóireachta agus maidir leis na tuairimí ón nGníomhaireacht a ullmhú agus a chur isteach, agus an t-am a thógfaidh sé don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le hathnuachan an fhormheasa maidir le ciainíd hidrigine lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8, 14 agus 18 á chur san áireamh freisin, ba cheart an dáta éaga a chur ar atráth go dtí an 30 Meán Fómhair 2029.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1278 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2024 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le ciainíd hidrigine lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8, 14 agus 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1278, 13.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1278/oj).

(7) Tar éis dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth an athuair, beidh ciainíd hidrigine formheasta lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8, 14 agus 18 go fóill faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dáta éaga an fhormheasa maidir le ciainíd hidrigine lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8, 14 agus 18 a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1278, cuirtear ar atráth é go dtí an 30 Meán Fómhair 2029.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN